# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

**RÉIMSE STAIDÉIR : AN LUATHAOIS, 1492 – 1815**

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

**DÉ CÉADAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50**

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**
Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

- **Roinn 3 (100 marc)**
An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An Eoraip ón Athbheochan go dtí an Reifirméisean, 1492-1567**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
**Colscaradh Anraí VIII agus Chaitríona Aragon**

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) Mar atá luaite i ndoiciméad A, cad a dúirt Anraí VIII faoina iníon?
   (b) Mar atá luaite i ndoiciméad A, cén fáth a raibh amhras ar Anraí VIII faoina phósadh le Caitríona Aragon?
   (c) Mar atá luaite i ndoiciméad B, cad iad na fadhbanna a bhí roimh Chaitríona agus í ag cur in aghaidh achainí an Rí ar cholscaradh?
   (d) Mar atá luaite i ndoiciméad B, cad a tharla do leanaí an phósta, seachas an iníon atá luaite i ndoiciméad A?

(20)

2. (a) Mar atá luaite sna doiciméid, cén difríocht a bhí idir dearcadh Anraí VIII agus dearcadh Chaitríona Aragon ar stádas an phósta? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) Cad iad na tagairtí codarsnacha a dhéantar do choinsias an Rí sna doiciméid A agus B? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

(20)

3. (a) Mar atá luaite i ndoiciméad B, cad iad na tréithe a bhaineann le bean chéile mhaith? An raibh Caitríona Aragon ina bean chéile mhaith de réir Anraí VIII i ndoiciméad A? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) Cén ráiteas is sochreidte dar leat, ráiteas Anraí nó ráiteas Chaitríona Aragon? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

(20)

4. Cén tábhacht, do Shasana agus don Eoraip, a bhain le colscaradh Anraí VIII agus Chaitríona Aragon?

(40)

## - Doiciméad A -

**Óráid (arna chur in eagar) le hAnraí VIII (Samhain 1528) lena dhlúthlucht leanúna ina n-éilíonn sé go bhfuil amhras léirithe maidir le stádas a phósta le Caitríona Aragon.**

Mura bhfuil m'fhíoroidhre ar eolas ar uair mo bháis, beidh imreas agus trioblóid ann.

Ba é toil Dé Uilechumhachtaigh iníon álainn [Máire Túdar] a chur chugam. Ach dúirt an-chuid eaglaiseach liom nach í m'iníon dhlisteanach í agus nach í mo bhean de réir dlí í a máthair, ach go bhfuilimid ag maireachtáil le chéile in adhaltranas.

Ná ceapaigí, a thiarnaí, nach gcuireann na focail seo isteach ar mo chorp agus ar m'anam. Ná ceapaigí nach mbuaireann na rudaí seo mo choinsias agus nach gcránn siad m'intinn gach uile lá agus gach uile uair den lá.

Maidir leis an mBanríon, má mheastar de réir dhlí Dé gurb í mo bhean chéile dhlisteanach í, ní bheidh rud ar bith riamh níos taitneamhaí ná níos inghlactha agam: le mo choinsias a ghlanadh agus, freisin, i ngeall ar na dea-thréithe is eol dom a bheith inti.

(Foinse: John Lotherington, *The Tudor Years,* Hodder and Stoughton, 1994.)

## - Doiciméad B -

**Cosaint Chaitríona Aragon (arna chur in eagar) ar bhailíocht a pósta le hAnraí VIII a rinneadh ag cúirt Blackfriars i mí an Mheithimh 1529.**

A Dhuine Uasail, impím ort – i ngeall ar an ngrá go léir a bhí eadrainn – ceartas a thabhairt dom. Déan trócaire orm, mar is bean mé agus is coimhthíoch mé a rugadh lasmuigh de do thiarnas. Níl cairde cinnte agam anseo ach comhairleoirí atá míshásúil. Teithim chugatsa, ceann an cheartais sa ríocht seo.

Iarraim ar Dhia, agus ar gach duine anseo i láthair, fianaise a thabhairt go raibh mé i mo bhean chéile dhílis uiríseal riamh duit, agus mé umhail i gcónaí do do thoil agus do do phléisiúr, mé lántoilteanach agus sásta.

Le fiche bliain nó níos mó anuas bhí mé i mo bhean chéile dhílis agat agus rugadh mórán leanaí duit liom, cé gurbh é toil Dé é glaoch orthu as an saol seo.

Agus nuair a chuir tú aithne orm den chéad uair, glaoim ar Dhia a bheith ina bhreitheamh orm, b'fhíormhaighdean mé, nár bhain fear liom. Agus fágaim faoi do choinsias é a rá an fíor é.

(Foinse: Garrett Mattingly, *Catherine of Aragon*, Jonathan Cape, 1942.)

**ROINN 2: ÉIRE**
**Freagair ceist amháin as dhá cheann de na topaicí seo thíos.**

*Éire: Topaic 1*
**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494-1558**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Sir Edward Poynings mar Fhear Ionaid an Rí? (100)
2. Déan cur síos ar an mbail a bhí ar an eaglais in Éirinn roimh an Reifirméisean? (100)
3. Cén fáth agus cén chaoi a raibh Anraí VIII ina chúis le turnamh Shliocht Chill Dara? (100)
4. Cad iad na gnéithe suntasacha maidir le muintearas agus teaghlaigh nó maidir leis an oiliúint a chuir Scoileanna na mBard ar fáil in Éirinn Ghaelach? (100)

*Éire: Topaic 2*
**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558-1603**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag rialtas Eilíse ar Bhaile Átha Cliath agus ar an bPáil? (100)
2. Conas a dhéileáil oifigigh Eilíse le fadhbanna i gCúige Chonnacht? (100)
3. Cén fáth a ndeachaigh Séamas Mac Muiris Mac Gearailt i gceannas ar éirí amach i gCúige Mumhan agus cad iad na hiarmhairtí a bhain leis? (100)
4. Cad iad aidhmeanna Aodha Uí Néill agus cé chomh maith agus a d'éirigh leis iad a bhaint amach? (100)

*Éire: Topaic 3*
**An ríocht in aghaidh na coilíneachta –**
**an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na hathruithe polaitíochta, sóisialta agus creidimh a tugadh isteach i gCúige Uladh de bharr na plandála? (100)
2. Conas a rinne Thomas Wentworth, Iarla Strafford, a oiread sin naimhde in Éirinn agus cé chomh tábhachtach agus a bhí siad le linn a thrialach agus a thurnaimh? (100)
3. Gaeil, Gall-Ghaeil, Nua-Ghaeil: cérbh iad na grúpaí seo agus cén difríocht a bhí eatarthu? (100)
4. Cén íomhá d'Éirinn a thugann ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Foras Feasa an Chéitinnigh; na Ceithre Máistrí; teistíochtaí 1641? (100)

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuaigh na hAchtanna Socraithe agus Mínithe i bhfeidhm orthu siúd a chaill talamh agus orthu siúd a fuair talamh le linn shocrú Chromail? (100)
2. Cé chomh maith agus a d'fhorbair agus a chuaigh Baile Átha Cliath chun cinn le linn na hAthghairme? (100)
3. Cad a bhain Iarla Thír Chonaill agus Parlaimint 1689 amach do na Caitlicigh agus conas a iompaíodh na héachtaí sin bunoscionn? (100)
4. Le linn na tréimhse 1660-1715, cé chomh mór agus a tháinig Éire faoi thionchar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: filí Seacaibíteacha na hÉireann; paimfléadaíocht pholaitiúil; teacht chun cinn na heolaíochta? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715-1770**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh maith agus a d'éirigh le muintir Ponsonby cumhacht a fháil agus a choinneáil? (100)
2. Cérbh iad na Tírghráthóirí agus cé chomh maith agus a bhain siad a gcuid aidhmeanna amach? (100)
3. Cad iad na dálaí eacnamaíochta agus sóisialta a bhain le ceantair thuaithe na hÉireann, 1715-1770? (100)
4. Cén fáth ar cuireadh triail ar an Athair Mac Síthigh, conas a riaradh an triail, agus cén toradh a bhí ar an triail? (100)

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Déan argóint ar son nó in aghaidh na tuairime gur aois órga in Éirinn a bhí i dtréimhse Pharlaimint Grattan, 1782-1800. (100)
2. Cén rud suntasach a bhain leis an éirí amach a tharla i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas sa bhliain 1798: Loch Garman; Cúige Uladh; Cúige Chonnacht? (100)
3. Cén fáth a ndearnadh polasaí rialtais d'Acht an Aontais agus conas a fuarthas tacaíocht dó? (100)
4. Cad a chuir duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas le hÉirinn a linne: Mary Anne McCracken; Nano Nagle; Eibhlín Dhubh Ní Chonaill? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR
**Freagair ceist amháin as ceann de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht i ndeireadh an séú haois déag, 1567-1609

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht don Spáinn agus don Eoraip a bhain leis an mbriseadh ar Armáid na Spáinne? (100)
2. Cad iad na cúiseanna ar tháinig deireadh le Cogaí Creidimh na Fraince? (100)
3. Cad iad na teicnicí a d'úsáid Matteo Ricci agus na hÍosánaigh sa tSín chun a dteachtaireacht a chraobhscaoileadh agus cé chomh maith agus a d'éirigh leo? (100)
4. Cé chomh mór agus a chuidigh Comhairle Trento chun an eaglais Chaitliceach a athneartú? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Éiclips na Sean-Eorpa, 1609-1660

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na céimeanna a thug an Cairdinéal Richelieu lena chinntiú go mbeadh an rí ina rialtóir absalóideach sa Fhrainc? (100)
2. Conas a cruthaíodh an impireacht Dhúitseach san Áis agus cén tionchar a bhí aici ar na Cúigí Aontaithe Dúitseacha? (100)
3. Cén ról a d'imir Wallenstein sa Chogadh Tríocha Bliain? (100)
4. Céard a chur Gian Lorenzo Bernini agus/nó René Descartes le léann agus le cultúr na linne seo? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

### An Eoraip le linn Louis XIV, 1660-1715

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé mhéad den fhírinne a bhaineann leis an ráiteas gur fhág Louis VIV an Fhrainc scriosta go polaitiúil agus briste as airgead? (100)
2. Cad iad na bealaí inar athraigh Peadar Mór an Rúis? (100)
3. Conas a chuir cuideachtaí trádála agus/nó an bhaincéireacht agus forbairt mhargadh an airgid le hathrú sóisialta agus eacnamaíochta, 1660-1715? (100)
4. Conas a chuir Isaac Newton agus/nó Gottfried Wilhelm Leibnitz leis an léann agus leis an eolaíocht? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*
**Impireachtaí á mbunú, 1715-1775**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuir plandálacha na sclábhaithe sna hIndiacha Thiar leis an trádáil idirnáisiúnta? (100)
2. Conas a leasaigh Feardorcha Mór an Phrúis agus conas a leath sé a cuid teorainneacha? (100)
3. Cad iad na smaointe polaitíochta agus sóisialta a bhí ag duine amháin nó níos mó de scríbhneoirí Ré na hEagnaíochta? (100)
4. Conas a chuir Benjamin Franklin agus/nó an *Boston Tea Party*, 1773, le coimhlint na gcoilíneach Meiriceánach ar son an neamhspleáchais? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775-1815**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'fhorbair Poblacht na Fraince idir 1789 agus 1793, an bhliain a cuireadh Louis XVI chun báis? (100)
2. Conas a d'athraigh na réabhlóidí talmhaíochta agus tionsclaíochta an Bhreatain? (100)
3. Cad iad na príomhfhorbairtí sa chaidreamh idir eaglais agus stát sa Fhrainc, 1789-1815? (100)
4. An ndeachaigh Napoléon chun sochair nó chun dochair don Eoraip? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá thaobh den argóint. (100)

Leathanach Bán